Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2017

Gaeilge

Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora

AN CLÁR

1.	**Réamhrá Ginearálta**	**3**
1.1	Na Siollabais	3
1.2	An Scrúdú	3
2.	**An Bhéaltriail**	**4**
2.1	An Bhéaltriail Chomónta	4
2.2	Béaltriail an Bhonnleibhéil	6
3.	**An Triail Chluastuisceana**	**7**
3.1	An Triail Chluastuisceana, Ardleibhéal	7
3.2	An Triail Chluastuisceana, Gnáthleibhéal	8
3.3	An Triail Chluastuisceana, Bonnleibhéal	10
4.	**An Scríbhneoireacht**	**11**
4.1	An Cheapadóireacht, Ardleibhéal	11
4.2	An Cheapadóireacht, Gnáthleibhéal	12
4.3	Scríobh na Teanga, Bonnleibhéal	13
5.	**An Léamhthuiscint**	**14**
5.1	An Léamhthuiscint, Ardleibhéal	14
5.2	An Léamhthuiscint, Gnáthleibhéal	15
5.3	An Léamhthuiscint, Bonnleibhéal	15
6.	**An Litríocht**	**16**
6.1	An Prós Ainmnithe nó Roghnach, Ardleibhéal	16
6.2	An Prós Ainmnithe nó Roghnach, Gnáthleibhéal	17
6.3	An Fhilíocht Ainmnithe nó Roghnach, Ardleibhéal	17
6.4	An Fhilíocht Ainmnithe nó Roghnach, Gnáthleibhéal	18
6.5	An Litríocht Bhreise, Ardleibhéal	18
7.	**Cad is féidir le scoláirí agus a múinteoirí foghlaim ón tuairisc seo?**	**19**
7.1	Le linn phróiseas na foghlama	19
7.2	Le linn na mBéaltrialacha agus na scrúduithe scríofa	20
8.	**Aguisín: Staitisticí agus Treochtaí**	**21**

1. Réamhrá Ginearálta

Sa bhliain 2007, fógraíodh in Imlitir 0042/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna mórathruithe ar riar agus ar dháileadh na marcanna do pháirteanna éagsúla de chúrsa Gaeilge na hArdteistiméireachta i scrúdú na hArdteistiméireachta ó 2012 ar aghaidh. Eisíodh siollabas nuashonraithe don Ghaeilge san Ardteistiméireacht sa bhliain 2010. Tá Imlitir 0042/2007 le fáil ar shuíomh na Roinne Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie. Tá na siollabais Ghaeilge nuashonraithe (Ardteistiméireacht: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal 2010, agus Ardteistiméireacht: Bonnleibhéal 2010) le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.education.ie. Tá soiléiriú ar an treoir 'An Córas Measúnachta' a thugtar in Imlitir 0020/2010 agus sa Chiorclán 0056/2010 le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie.

Ní mór an tuairisc seo a léamh i dteannta leis na scrúdpháipéir, na scéimeanna marcála foilsithe agus na siollabais don Ghaeilge. Tá na scrúdpháipéir agus na scéimeanna marcála le fáil ar shuíomh Choimisiún na Scrúduithe Stáit ag www.examinations.ie agus tá na siollabais ar fáil ar www.curriculumonline.ie. Tugtar gach eolas faoi struchtúr na scrúduithe Gaeilge in Imlitir S90/10 atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, www.examinations.ie.

1.1 Na Siollabais

Cad a thástáiltear i scrúduithe Ghaeilge na hArdteistiméireachta?

Is iad príomhaidhmeanna shiollabais Ghaeilge na hArdteistiméireachta ná:

- Deis a thabhairt do scoláirí an Ghaeilge a shealbhú de réir a n-acmhainne;
- Cumas Gaeilge na scoláirí a fhorbairt i dtreo is go mbeidh gach scil teanga acu de réir a n-acmhainne féin: na scileanna gabhchumais (éisteacht agus léamh) agus na scileanna ginchumais (labhairt agus scríobh).

1.2 An Scrúdú

Tá an scrúdú ag gach leibhéal roinnte ina thrí chuid:

- Béaltriail chomónta do scoláirí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil, agus Béaltriail faoi leith d'iarrthóirí Bonnleibhéil, a dhéanann tástáil ar scileanna cumarsáide iarrthóirí sa teanga labhartha;
- Triail chluastuisceana chomónta d'iarrthóirí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil. Déantar idirdhealú idir an dá leibhéal trí leibhéal deacrachta agus castachta na gceisteanna. Tá triail chluastuisceana faoi leith ann d'iarrthóirí Bonnleibhéil;
- Páipéir scríofa a dhéanann tástáil ar thuiscint iarrthóirí ar an teanga scríofa, a éilíonn ó iarrthóirí léirmheas a dhéanamh ar thopaicí an tsiollabais, agus léirthuiscint a léiriú ar théacsanna litríochta ó chúrsa ainmnithe nó roghnach ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal mar aon le cúrsa breise litríochta ag an Ardleibhéal.

Seo a leanas ualú na marcanna do na scileanna éagsúla de réir na siollabas:

	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal	Bonnleibhéal
Labhairt	240 marc (40%)	240 marc (40%)	240 marc (40%)
Triail chluastuisceana	60 marc (10%)	60 marc (10%)	120 marc (20%)
Léamhthuiscint	100 marc (16.7%)	100 marc (16.7%)	150 marc (25%)
Scríbhneoireacht	100 marc (16.7%)	100 marc (16.7%)	90 marc (15%)
Litríocht	100 marc (16.7%)	100 marc (16.7%)	------

2. An Bhéaltriail

Mar a fógraíodh in Imlitir 0042/2007, méadaíodh riar na marcanna don Bhéaltriail ó 150 marc (25%) go dtí 240 marc (40%) le haghaidh na bliana 2012 agus na mblianta as sin ar aghaidh.

2.1 An Bhéaltriail Chomónta (Ardleibhéal/Gnáthleibhéal)

Tá an Bhéaltrail Chomónta (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal) roinnte ina ceithre chuid:

An Bhéaltriail		Am (nóiméid)	Marcanna
1	Fáiltiú	1	5
2	Léamh na filíochta	2	35
3	An tSraith Pictiúr	4	80
4	An Comhrá	6 go 8	120
		15	**240**

An Fáiltiú: Sonraí pearsanta a bhí á lorg san fháiltiú: cúig mhír eolais – ainm, aois, seoladh baile, dáta breithe agus scrúduimhir. Chuir na cúig cheist san Fháiltiú na hiarrthóirí ar a suaimhneas agus d'éirigh le tromlach mór na n-iarrthóirí na cúig mharc a ghnóthú sa roinn seo.

Léamh na filíochta: Roghnaigh an scrúdaitheoir ceann amháin de na cúig dhán ainmnithe ón gcúrsa filíochta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal), agus iarradh ar an iarrthóir an dán a aithris nó a léamh os ard. Inniúlacht an iarrthóra maidir le tuiscint ar an dán, le cruinneas foghraíochta agus le rithim na cainte a bhí á dtástáil sa chuid seo. Ghnóthaigh líon ard iarrthóirí marcanna maithe sa chuid seo. Ba léir go raibh réamhullmhúchán leanúnach déanta sna seomraí ranga ar aithris ar na dánta. D'éirigh le céatadán ard iarrthóirí na focail sna dánta a fhuaimniú i gceart; bhí rithim an léimh déanta ar bhealach nádúrtha agus bhí an fhoghraíocht cruinn. Bhí líon beag iarrthóirí nár chruthaigh go maith sa chuid seo. Níor léigh siad na véarsaí go soiléir nó bhí siad stadach sa léitheoireacht, agus léiríodh easpa tuisceana ar ábhar na véarsaí. Níor thaispeáin siad máistreacht cheart ar fhuaimniú na bhfocal sna véarsaí.

An tSraith Pictiúr: Roghnaigh an t-iarrthóir sraith amháin go randamach. Tá ábhair na sraitheanna pictiúr bunaithe ar thopaicí an tsiollabais. Cur síos tuairisciúil ar ábhair na sraithe

mar aon le trí cheist a chumadh agus trí cheist a fhreagairt bunaithe ar an tsraith a roghnaigh an t-iarrthóir a bhí á dtástáil sa chuid seo den Bhéaltriail. Bhí líon maith iarrthóirí láninniúil ar chuntas tuairisciúil leanúnach a thabhairt ar ábhair na sraitheanna éagsúla. Ghluais siad ar aghaidh gan stró ó phictiúr go pictiúr agus léirigh siad foclóir fairsing, nathanna cainte cuí agus cruinnúsáid na gramadaí ina gcur síos ar imeachtaí na sraitheanna. Bhí na cuntais thuairisciúla ó iarrthóirí eile sásúil go leor ach, uaireanta, bhí siad stadach i mbun na tuairisce, bhí stór focal teoranta go leor acu ina gcuntais, agus bhí botúin leanúnacha coitianta sa ghramadach agus sa chomhréir. I gcás iarrthóirí fíorlaga, bhí sé deacair orthu tuairisc leanúnach a thabhairt ar na pictiúir éagsúla sa tsraith agus bhí ar an scrúdaitheoir iad a spreagadh chun abairtí a chumadh nó chun iad a bhogadh ar aghaidh ó phictiúr go pictiúr. I ndiaidh na tuairisce, bhí idirghníomhú idir an scrúdaitheoir agus an t-iarrthóir, agus cumadh agus freagraíodh ceisteanna. Bhí an-éagsúlacht i gcaighdeán na bhfreagairtí sa chuid seo. D'éirigh le go leor iarrthóirí foirmeacha ceisteacha cuí a úsáid ina gceisteanna ar an scrúdaitheoir. Thuig siad ceisteanna an scrúdaitheora go héasca agus ba mhinic a thug siad freagraí téagartha ar na ceisteanna a cuireadh orthu. Bhí roinnt mhaith iarrthóirí ag streachailt le ceisteanna cearta ciallmhara a chumadh. Bhí sé de nós ag iarrthóirí eile an struchtúr céanna ceisteach a úsáid sna trí cinn a chuir siad ar na scrúdaitheoirí. Bhí líon áirithe iarrthóirí ann nach raibh in ann freagraí cearta a thabhairt ar cheisteanna an scrúdaitheora. Uaireanta, bhí ar an scrúdaitheoir an cheist a chur ar shlite éagsúla nó fiú leideanna a thabhairt don iarrthóir chun iad a stiúradh i dtreo na bhfreagraí cearta. Fágadh na freagraí agus na ceisteanna gan a bheith déanta ag líon beag iarrthóirí.

An Comhrá: Déantar tástáil sa chomhrá ar chumas cumarsáide, ar stór Gaeilge agus ar chumas an iarrthóra maidir le cruinnúsáid príomhghnéithe de cheart na teanga. Bhí an-éagsúlacht sna hiarrachtaí sa chuid seo den Bhéaltriail. Bhí scileanna sármhaithe cumarsáide agus labhartha ag cuid mhór iarrthóirí agus iad ag cur síos go fonnmhar ar ábhair a bhain leis an ngarthimpeallacht agus leis an gciantimpeallacht. Ba léir go raibh a scileanna teanga go sármhaith, nocht siad a smaointe go soiléir agus bhí siad inniúil ar réimse leathan topaicí a láimhseáil go maith. Bhí siad an-chumasach agus iad ag déileáil le ceisteanna an scrúdaitheora. Léirigh na hiarrthóirí sin líofacht an-mhaith chainte, caighdeán sármhaith cruinnis maidir le comhréir agus le foghraíocht chruinn na teanga. Bhí an comhrá leanúnach agus sothuigthe. Bhí a stór Gaeilge fairsing agus thaispeáin siad cruinneas gramadaí san idirghníomhú. Bhí na hiarrthóirí ba chumasaí toilteanach raon leathan topaicí cainte a tharraingt isteach go nádúrtha agus comhrá spontáineach a stiúradh go muiníneach. Bhí a gcumas labhartha lomlán le raon leathan foclóra agus le nathanna cuí. Bhain siad ardchaighdeán amach i gcáilíocht na teanga idir líofacht, chruinneas agus fhoghraíocht. Bhí a gcuid cainte breac le cruinnúsáid na mbriathra, le húsáid chruinn na réamhfhocal, le cruinnúsáid na comhréire agus le foclóir téagartha cuí. Bhí líon beag iarrthóirí nach raibh toilteanach an comhrá a leathnú amach. Léirigh céatadán maith iarrthóirí tuiscint réasúnta ar cheisteanna an scrúdaitheora, bhí a gcumas cumarsáide sásúil agus d'éirigh leo iad féin a chur in iúl go réasúnta soiléir. Bhí claonadh ag roinnt iarrthóirí píosaí móra fada curtha de ghlanmheabhair a thabhairt mar fhreagraí ar cheisteanna áirithe. Ach a luaithe is a bhog an scrúdaitheoir ón bpíosa sin, ní raibh iarrthóirí áirithe ábalta an chumarsáid a choimeád sa siúl. I gcás iarrthóirí eile, ba léir go raibh raon a gcumais labhartha teoranta do leibhéal tuisceana ar ábhair ón ngarthimpeallacht. Bhí siad ábalta déileáil le bunchomhrá go réasúnta éifeachtach le stór focal bearnach ach bhí deacrachtaí acu le fuaimniú na bhfocal agus le dul ceart na Gaeilge. Ach nuair a d'fhorbair an scrúdaitheoir an modh ceistiúcháin i dtreo ábhair ón gciantimpeallacht,

ní raibh siad ábalta dul i ngleic leis an ábhar spreagtha. Bhí na scrúdaitheoirí le moladh as caint a mhealladh uathu de réir a gcumais agus bhí na hiarrthóirí toilteanach idirghníomhnú leis na scrúdaitheoirí. In aineoinn spreagthaí breise ón scrúdaitheoir, ní raibh a gcumas labhartha agus foclóra forbartha go leor chun na hábhair chainte a láimhseáil agus comhrá a chur sa siúl arís. Bhí ar an scrúdaitheoir filleadh ar ghnáthábhair chainte ón ngarthimpeallacht arís. Bhí líon maith iarrthóirí lagchumais ag streacailt le tuiscint ar bhunstruchtúir na teanga agus leis na haimsirí bunúsacha. Bhí lochtanna comónta i gcaint iarrthóirí áirithe maidir le ceartúsáid na Gaeilge: mí-úsáid na copaile, easpa tuisceana ar aimsirí na mbriathra, míchruinneas maidir leis na haidiachtaí sealbhacha agus leis na forainmneacha réamhfhoclacha, agus dul an Bhéarla ar chomhréir na n-abairtí. Ba mhinic nach raibh i bhfreagraí na n-iarrthóirí ach caint stadach nó athrá ar fhoclaíocht cheist an scrúdaitheora gan aon eolas breise tugtha ag an iarrthóir.

2.2 Béaltriail an Bhonnleibhéil

Tá cur chuige chomhrá Bhéaltriail an Bhonnleibhéil bunaithe ar na ceithre bhloc seo a leanas:

Bloc 1	An Teaghlach agus Áit Chónaithe	50 marc
Bloc 2	An Scoil agus Cúrsaí Scoile	50 marc
Bloc 3	Caitheamh Aimsire	50 marc
Bloc 4	Laethanta Saoire; Am agus Aimsir; Obair	50 marc
	Cumas Teanga	40 marc

D'éirigh le líon mór iarrthóirí cruthú go maith sa Bhéaltriail. Ról tánaisteach a bhí á ghlacadh ag na hiarrthóirí sa chomhrá agus iad ag déanamh cumarsáide leis na scrúdaitheoirí. Léirigh líon maith iarrthóirí tuiscint mhaith ar cheisteanna agus ar spreagthaí an scrúdaitheora. Chuir líon maith iarrthóirí a bhfreagraí in iúl go fonnmhar agus go sothuigthe, le foclóir oiriúnach cruinn agus bhí bunstruchtúir na teanga beacht ina n-idirghníomhaíocht leis na scrúdaitheoirí. D'éirigh go sármhaith le líon maith iarrthóirí i mBloc 1, i mBloc 2 agus i mBloc 3. Labhair siad go muiníneach faoi na hábhair chainte sna bloic sin. D'úsáid iarrthóirí áirithe abairtí iomlána ina gcuid freagraí. Mheall na scrúdaitheoirí na hiarrthóirí lena modh ceistiúcháin soiléir agus d'éirigh le roinnt mhaith iarrthóirí dul i ngleic go fonnmhar le ceisteanna na scrúdaitheoirí agus an méid teanga a bhí acu a úsáid. Léirigh céatadán maith iarrthóirí cumas cumarsáide sásúil, stór focal maith, cruinneas sásúil maidir le fuaimniú na bhfocal agus le gramadach na teanga. Ba mhinic a bhí an fhreagairt, an stór teanga agus an réimse foclóra i gcás Bhloc 4 níos laige agus bhí na freagraí teoranta, bearnach nó easnamhach go minic, rud a d'fhág an ghnóthachtáil i gcoitinne níos ísle sa bhloc seo. Bhí tuiscint an–teoranta, stór focal bearnach agus botúin leanúnacha maidir le fuaimniú na bhfocal soiléir i gcás líon beag iarrthóirí. Ach bhí na scrúdaitheoirí tuisceanach, chuir siad na ceisteanna ar shlite difriúla agus mheall siad pé stór Gaeilge a bhí ag na hiarrthóirí uathu. Cé gur thug na scrúdaitheoirí spreathaigh bhreise d'iarrthóirí fíorlaga, theip ar a muinín agus níor éirigh leo cumarsáid a dhéanamh ar shlí chiallmhar.

3. An Triail Chluastuisceana

Tá trí chuid sa Chluastuiscint Chomónta (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal). Táthar ag súil sa triail chluastuisceana go mbeidh na hiarrthóirí in ann tuiscint a bhaint as tascanna éagsúla (míreanna nuachta agus tuairisce, fógraí/teachtaireachtaí agus comhráite) bunaithe ar na topaicí ar an siollabas. Baineann Cuid A le fógraí agus le teachtaireachtaí, Cuid B le comhráite agus Cuid C le míreanna nuachta agus tuairisce. Bíonn cothromaíocht idir na mórchanúintí sa triail chluastuisceana. Déantar idirdhealú idir an dá leibhéal trí leibhéal deacrachta agus castachta na gceisteanna sna míreanna éagsúla ar na scrúdpháipéir.

Bhain Cuid A, Fógra a hAon (Canúint Chonnacht), le folúntas do phost mar oifigeach Gaeilge. Lá eolais do scoláirí na hArdteistiméireachta eagraithe ag na múinteoirí corpoideachais dara leibhéal a bhí mar thopaic i bhFógra a Dó (Canúint na Mumhan). Maidir leis na comhráite, bhí plé idir tuismitheoir agus páiste maidir le bille teileafóin don fhón cliste agus na meáin shóisialta i gComhrá a hAon (Canúint Uladh). Bhain Cuid B, Comhrá a Dó (Canúint na Mumhan), leis an samhradh a chaitheamh sa Bhruiséil, cúrsaí fostaíochta san Aontas Eorpach agus mar ar chuir cúrsaí sceimhlitheoireachta isteach ar an gcathair. I gcás Chuid C, pléadh an compántas drámaíochta Fíbín sa chéad mhír chainte (Canúint Chonnacht). Ba iad cúrsaí spóirt agus an t-imreoir sacair, Robbie Keane, a bhí mar ábhar cainte sa dara mír nuachta (Canúint Uladh).

3.1 An Triail Chluastuisceana, Ardleibhéal

Cuid A (18 marc)

Ar an iomlán, bhí an ghnóthachtáil ar chaighdeán ard anseo. Bhí líon áirithe iarrthóirí nár aithin an ghairm 'oifigeach' i gceart i bhFógra a hAon. Bhí an fhreagairt ar Fhógra a Dó an-sásúil. Níor éirigh le hiarrthóirí áirithe an seoladh ríomhphoist a scríobh síos i gceart.

Cuid B (28 marc)

COMHRÁ A hAON (14 mharc)

An Chéad Mhír

Ceist 1: D'éirigh le formhór na n-iarrthóirí an dá mharc a ghnóthú ar an gcúis 'bhí an scrúdú tíreolaíochta go breá' ach chruthaigh an dara cúis deacrachtaí d'iarrthóirí lagchumais.
Bhí easnamh go minic ar an dara cúis a tugadh mar fhreagra mar fágadh an focal cáilithe 'mórán' ar lár.
Ceist 2: Bhí an fhreagairt ar an gceist seo an-sásúil.
Ceist 3: Cé gur éirigh le hiarrthóirí brí ráiteas mháthair Sheáin a aimsiú, níor éirigh le roinnt acu an briathar 'cloígh' a aithint i gceart.

An Dara Mír

Ceist 1: D'éirigh le riar maith iarrthóirí an t-eolas cuí a aimsiú anseo. Níor luadh ach Facebook i bhfreagraí áirithe seachas tagairt éigin a dhéanamh do na meáin shóisialta eile, rud a d'fhág an t-eolas easnamhach i bhfreagraí áirithe.
Ceist 2: D'aimsigh líon ard iarrthóirí an seanfhocal go cruinn.

Ceist 3: Theip ar go leor iarrthóirí lánmharcanna a ghnóthú sa mhír seo. D'éirigh le tromlach na n-iarrthóirí an tsuim airgid €30 a scríobh síos i gceart agus fágadh an tagairt do 'iasacht' ar lár i roinnt mhaith freagraí agus cailleadh marc amháin dá bhrí sin.

COMHRÁ A DÓ (14 mharc)

An Chéad Mhír

Ceist 1 (a): D'aimsigh líon mór iarrthóirí an freagra ceart - an tAontas Eorpach - anseo.
Ceist 1 (b): Cé go raibh cúpla féidearthacht ann mar fhreagra anseo, bhí deacracht ag go leor iarrthóirí leis an bpost 'aistritheoir'. Níor thuig roinnt mhaith iarrthóirí an ghairm nó bhí go leor de mhíchruinneas litrithe ar an bhfocal. Iarrthóirí a roghnaigh an freagra malartach 'ag aistriú cáipéisí dlí', d'éirigh leo na marcanna a ghnóthú níos minice.
Ceist 2: Bhí an ghnóthachtáil go maith anseo agus ba é an freagra 'phléasc buamaí ann' rogha na coitiantachta.
Ceist 3: Bhí easnamh ó thaobh eolais de ar go leor de na freagraí sa mhír seo. Níor éirigh le go leor iarrthóirí an cáiliú ceart 'buan' a dhéanamh ar an bpost.

An Dara Mír

Ceist 1: D'éirigh le tromlach na n-iarrthóirí freagra cuí ceart a aimsiú anseo.
Ceist 2: Níor aithin roinnt iarrthóirí an focal 'geilleagar'.
Ceist 3: Bhí an ghnóthachtáil anseo an-sásúil. D'aimsigh an-chuid iarrthóirí an mhír eolais iomlán i gceart anseo.

Cuid C (14 mharc)

PÍOSA A hAON (8 marc)
Ceist 1 (a): Tugadh go leor freagraí neamhiomlána ar an gceist seo agus fágadh an dara cuid den fhreagra 'ar bhealach taitneamhach' ar lár.
Ceist 1 (b): D'éirigh le hiarrthóirí cumasacha an logainm 'Indreabhán' a scríobh síos go cruinn ach bhí go leor iarrachtaí ann ina raibh an litriú ró-mhíchruinn. Bhí sé de chlaonadh ag líon mór iarrthóirí ainm an chontae a thabhairt agus gan bacadh leis an ainm áite.
Ceist 2 agus Ceist 3: Bhí an ghnóthachtáil go maith sa dá cheist seo. Gnóthaíodh marcanna iomlána go minic.

PÍOSA A DÓ (6 mharc)
Bhí an fhreagairt an-mhaith anseo agus aimsíodh an t-eolas iomlán go cruinn anseo.
Ceist 3: Níor aithin céatadán ard iarrthóirí an téarma 'cóitseálaí'.

3.2 An Triail Chluastuisceana, Gnáthleibhéal

Bhí caighdeán na gnóthachtála sa Chluastuiscint ag an nGnáthleibhéal réasúnta maith. Cé nár éirigh ach le fíorbheagán de na hiarrthóirí lánmharc a ghnóthú sa triail chluastuisceana, ghnóthaigh líon ard iarrthóirí marcanna arda. Bhí tuiscint chruinn ag líon maith iarrthóirí ar théarmaí a bhain le suimeanna airgid, le huimhreacha, le cúrsaí ama, le dátaí, le laethanta na seachtaine agus le míonna na bliana. Bhí siad ábalta déileáil leis na hábhair chainte agus na

freagraí cearta a sholáthar. Bhí líon áirithe iarrthóirí nach raibh na focail cheistiúcháin ar eolas acu agus sna cásanna sin, níor aimsigh siad na freagraí cearta. Uaireanta, fágadh cuid de na ceisteanna gan aon fhreagraí.

Cuid A (24 marc)

FÓGRA A hAON (12 mharc)

(i) Sholáthair líon ard iarrthóirí 'Baile Átha Cliath' mar fhreagra ceart anseo.
(ii) Bhí an ghnóthachtáil íseal anseo. Níor éirigh le hiarrthóirí áirithe brí agus litriú ceart na haidiachta 'líofa' a thabhairt leo ón bhfógra.
(iii) Bhí go leor iarrthóirí ann a d'aimsigh an tuarastal ceart.
(iv) Gnóthaíodh na trí mharc go coitianta anseo agus bhí an-chuid iarrthóirí ábalta an seoladh ríomhphoist a thuiscint agus a bhreacadh síos go cruinn. Níor thuig roinnt iarrthóirí an focal '*ponc'*.

FÓGRA A DÓ (12 mharc)

Ceist 1 (a): D'éirigh le céatadán ard iarrthóirí an mhír iomlán eolais 'halla na pobalscoile' a scríobh síos i gceart. Ach bhí go leor freagraí easnamhacha ann agus mír amháin den fhreagra 'halla' nó 'pobalscoil' fágtha ar lár.
Ceist 1 (b): Aimsíodh an t-am i gceart go hiondúil.
Ceist 2 (a): Cé gur aimsíodh an t-eolas ceart 'múinteoirí corpoideachais' go minic, bhí go leor samplaí de litriú míchruinn ann ar an dá fhocal. Níor aithin go leor iarrthóirí lagchumais ach cuid den eolas riachtanach, is é sin 'múinteoirí', rud a d'fhág na marcanna a gnóthaíodh neamhiomlán go minic.
Ceist 2 (b): Aimsíodh *€5* mar fhreagra ceart ar an mír seo go hiondúil. Cé gur éirigh le líon mór iarrthóirí 'bróga' a thuiscint, ní raibh siad in ann an fhoirm chruinn 'reatha' a bhreacadh síos.

Cuid B (24 marc)

COMHRÁ A hAON (12 mharc)

An Chéad Mhír

Ceist 1: Bhí an fhreagairt go maith ar an gceist seo.
Ceist 2: Bhí go leor deacrachtaí ag iarrthóirí áirithe anseo, rud a d'fhág na marcanna íseal. Ní raibh an litriú ar an bhfocal 'bille' inghlactha uaireanta nó fágadh an freagra bán.

An Dara Mír

Ceist 1: Níor thuig céatadán ard iarrthóirí an cheist agus, mar sin, theip orthu an t-eolas cuí a aimsiú sa mhír seo. Níor éirigh le riar maith iarrthóirí an freagra iomlán a thuiscint agus a bhreacadh síos i gceart. '*Facebook*' an freagra ba choitianta ar an mír seo. Níor gnóthaíodh aon mharc uaireanta agus b'annamh a gnóthaíodh lánmharcanna anseo.
Ceist 2: Bhí an ghnóthachtáil anseo an-mhaith.

COMHRÁ A DÓ (12 mharc)

An Chéad Mhír

Ceist 1: Bhí an ghnóthachtáil maith go leor ach bhí drochlitriú ar an bhfocal '*deirfiúr*' i roinnt mhaith freagraí.
Ceist 2: Bhí gnóthú marcanna an-íseal anseo. Bhí an fhreagairt lag anseo nó níor freagraíodh an mhír seo go minic.

An Dara Mír

Ceist 1: D'éirigh le riar maith iarrthóirí an freagra '*óstán'* a fháil i gceart.
Ceist 2: Aimsíodh an t-eolas ceart agus bhí litriú cruinn go hiondúil ar an bhfocal '*campa*' ach bhí litriú míchruinn ar '*iománaíocht(a)*' coitianta sna freagraí.

Cuid C (12 mharc)

PÍOSA A hAON (6 mharc)

Ceist 1: Bhí caighdeán maith sna freagraí sa mhír seo agus bhí riar maith iarrthóirí láninniúil ar an mbliain a bhreacadh síos i bhfigiúirí i gceart ón mír chainte.
Ceist 2: Bhí an fhreagairt sármhaith anseo agus aimsíodh '*ceol*' i gceart go hiondúil.

PÍOSA A DÓ (6 mharc)
Ceist 1: Bhí an fhreagairt anseo sásúil go leor.
Ceist 2: Léiríodh sna freagraí easpa tuisceana ar an mír nuachta, roghnaíodh an t-eolas mícheart nó fágadh an freagra bán.

3.3 An Triail Chluastuisceana, Bonnleibhéal

Ocht bpíosa cainte a bhíonn sa Chluastuiscint ag an mBonnleibhéal. Ceisteanna ilroghnacha ar fad a bhíonn sa triail éisteachta ag an mBonnleibhéal. Bítear ag súil go mbeidh na hiarrthóirí in ann tuiscint a bhaint as treoracha, ceisteanna, eolas, míreanna simplí nuachta agus tuairisce agus fógraí simplí agus caint shimplí ar ghnáthábhair de réir thopaicí an tsiollabais.

Ceist 1 (14 mharc)

Roghnaíodh Pictiúr 4 (Glantóir Fuinneog) mícheart go minic i gCeist 1 (a).

Ceist 2 (14 mharc)

Bhí deacrachtaí ag go leor iarrthóirí leis an téarma '*rómhall*' sa phíosa cainte agus sa cheist, agus bhí an rogha mhícheart déanta go minic ag riar maith iarrthóirí.

Ceist 3 (8 marc)

Bhain an píosa cainte seo leis an bhfeidhm theanga – ag lorg/ag tabhairt eolais – sa siollabas. Go minic anseo, roghnaíodh an t-ospidéal mar fhreagra mícheart. Níor thuig cuid de na hiarrthóirí an téarma 'siopa crua-earraí'. Meascadh suas 'bara rotha' le 'hotharcharr' agus roghnaíodh an léaráid mhícheart.

Ceist 4 (8 marc)

Bhain Ceist 4 leis an bhfeidhm a bheith ag lorg treoracha ó dhuine. Bhí an fhreagairt anseo lag agus níor éirigh le go leor iarrthóirí na treoracha a leanúint ar an bpíosa cainte agus an naíonra a bhaint amach.

Ceist 5 (16 mharc)

(a) Bhí an ghnóthachtáil anseo an-éagsúil. Roghnaíodh an tríú pictiúr go mícheart go minic mar fhreagra ar Ceist 5 (a). D'éirigh le líon mór iarrthóirí an teocht cheart a aimsiú agus na hocht marc a ghnóthú ar Ceist 5 (b).

Ceist 6 (20 marc)

Bhí caighdeán sásúil sa fhreagairt ar an gcomhrá seo.

Ceist 7 (20 marc)

Ceist 7 (a) Freagraíodh é go réasúnta cruinn agus gnóthaíodh na 10 marc anseo go minic. Bhí tic curtha leis an rogha mhícheart '*ar scoil*' i roinnt mhaith freagarleabhar.

Ceist 8 (20 marc)
Bhí an fhreagairt an-lag i gcoitinne sa dá mhír anseo. Roghnaíodh '*cúrsa ríomhaireachta*' go mícheart go coitianta mar fhreagra ar Ceist 8 (a). 'Bhí '*i stáisiún teilifíse*' roghnaithe mícheart níos minice ná an rogha cheart i gCeist 8 (b).

4. An Scríbhneoireacht

4.1 An Cheapadóireacht, Ardleibhéal

Sa chuid seo den scrúdú, déantar measúnú ar chumas na n-iarrthóirí tascanna scríbhneoireachta a chur i gcrích. Bhain teidil na Ceapadóireachta le trí sheánra scríbhneoireachta éagsúla ina raibh roghanna inmheánacha. Iarradh ar an iarrthóir teideal amháin a roghnú agus píosa scríbhneoireachta (500-600 focal) a scríobh ag freagairt don seánra agus don teideal áirithe sin. Ba iad na roghanna i Roinn A - Aiste **nó** Alt Nuachtáin/Irise agus i Roinn C - Díospóireacht/Óráid na cinn ba mhó a freagraíodh. I gcás Roinn B - Scéal, níor thángthas ar mhórán scéalta. Bhí líon ard iarrthóirí lánábalta tabhairt faoi na tascanna éagsúla scríbhneoireachta go muiníneach. Úsáideadh stíl chuí an tseánra, léiríodh tuiscint mhaith na n-iarrthóirí ar an teideal, bhí stór Gaeilge saibhir agus beachtas maidir le máistreacht ar chruinnúsáid na bpríomhghnéithe de cheart na Gaeilge i gcuid mhaith de na hiarrachtaí. Chomh maith leis sin, bhí caighdeán sásúil go leor i gcéatadán iarrachtaí eile ina raibh an stíl chuí sheánra in úsáid agus ionramháil chuí ábhair ach bhí botúin bhunúsacha struchtúr forleathan sna hiarrachtaí, rud a d'fhág ionramháil an ábhair réasúnta doiléir. Ba chosúil go raibh go leor ábhar réamhullmhaithe ag riar maith iarrthóirí agus bhí cuid mhaith díobh ábalta an t-ábhar seo a shníomh isteach go healaíonta faoin gceannteideal a roghnaíodh. Ach i gcásanna eile, bhí nós ann teidil a roghnú agus ábhar a scríobh nár bhain go dlúth le hábhar an teidil nó nár bhain leis an teideal a bhí roghnaithe in aon chor. Rinne iarrthóirí áirithe neamhshuim den treoir ar an scrúdpháipéar: *Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.* Níor cloíodh leis an treoir sin agus scríobhadh ábhair réamhullmhaithe nár bhain leis na teidil. Bhí an cur chuige seo le fáil i gcás dhá theideal ach go háirithe: Aiste A (b) *Scannail sa spórt* agus Aiste A (d)

Ceannairí polaitiúla sa lá atá inniu ann. Scríobhadh aistí iomlána ar chúrsaí spóirt i gcoitinne agus gan tagairtí do scannail. Mar an gcéanna i gcás Aiste (d) *Ceannairí polaitiúla sa lá atá inniu ann*, tarraingíodh isteach ábhair maidir le staid na tíre agus an domhain agus gan ceannairí pléite ag na hiarrthóirí ina n-iarrachtaí agus dá bharr sin, ní raibh an ionramháil ábhair ag freagairt do theideal an phíosa ceapadóireachta a roghnaíodh. Bhí sé soiléir i roinnt mhaith iarrachtaí scríbhneoireachta go raibh laigí tríd an iarracht maidir le hoiriúnacht an fhoclóra, mí-úsáid na copaile, dul an Bhéarla ar chomhréir na n-abairtí, easpa tuisceana ar aimsirí na mbriathra agus míchruinneas maidir leis na forainmneacha réamhfhoclacha agus leis na haidiachtaí sealbhacha mar aon le litriú lochtach nach raibh ag freagairt do dheilbhíocht na Gaeilge. Bhí roinnt mhaith dothuigtheachta ag baint le hábhair na n-iarrachtaí. Bhí líon beag iarrthóirí ann nach raibh leagan amach cuí an tseánra scríbhneoireachta sna hiarrachtaí agus nach raibh ar a gcumas an t-ábhar a láimhseáil i gceart agus chomh maith leis sin, bhí siad an–lochtach ó thaobh gramadaí agus struchtúir na teanga de.

4.2 An Cheapadóireacht, Gnáthleibhéal

Ceithre sheánra éagsúla a bhí sna tascanna scríbhneoireachta a tugadh ar an scrúdpháipéar: A. Giota Leanúnach/Blag, B. Scéal, C. Litir/Ríomhphost agus D. Comhrá agus roghanna inmheánacha teideal i ngach seánra. Iarradh ar na hiarrthóirí tabhairt faoi dhá cheann de na tascanna scríbhneoireachta sin.

Seánra	P1, Cuid II: Ceapadóireacht	Ord de réir éileamh ar na teidil éagsúla	Topaic
Giota Leanúnach/Blag	A (i)	4	An Scoláire féin
Giota Leanúnach/Blag	A (ii)	1	Caitheamh Aimsire
Giota Leanúnach/Blag	A (iii)	2	Spórt
Scéal	B (i)	1	Saol an duine óig
Scéal	B (II)	2	Cúrsaí Scoile agus Oibre
Litir/Ríomhphost	C (i)	2	Taisteal agus Teangacha
Litir/Ríomhphost	C (ii)	1	Laethanta saoire
Comhrá	D (i)	3	Saol an duine óig
Comhrá	D (ii)	4	Ceol

Léiríodh i gcéatadán ard iarrachtaí go raibh láimhseáil an ábhair an-sásúil, bhí tuiscint léirithe ar na spreagthaigh, agus bhí cruinneas maith Gaeilge iontu. Bhí sé soiléir go raibh ábhar réamhullmhaithe in úsáid ag a lán iarrthóirí ach bhí siad láninniúil ar é a cheangal leis an spreagthach go sásúil. Thuill siad marcanna arda ar na smaointe agus ar na habairtí deasa agus na nathanna oiriúnacha a bhí iontu. Chomh maith leis sin, d'éirigh le líon ard iarrthóirí

ceangal a shnaidhmeadh idir teidil na bpíosaí ceapadóireachta agus topaicí agus nathanna cuí a bhain leis na Sraitheanna Pictiúr. Bhí foclóir réasúnta leathan in úsáid go minic sna hiarrachtaí. Bhí iarrachtaí fiúntacha cruinne ann a chloígh leis an treoir leathleathanach nó mar sin agus bhí caighdeán an-sásúil sna hiarrachtaí sin. Bhí go leor de na mórbhotúin ghramadaí le sonrú in iarrachtaí ceapadóireachta áirithe - botúin bhunúsacha chomhréire, meascán aimsirí in úsáid na mbriathra agus úsáid mhíchruinn na réamhfhocal agus na bhforainmneacha réamhfhoclacha. Bhí laige le sonrú in iarrachtaí áirithe nuair a rinne na hiarrthóirí míléamh ar an teideal agus nuair nár chloígh siad le hábhar an scéil. Níor thug siad aird ar an treoir ón scrúdpháipéar: *Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar*. Sna spreagthaigh a bhain le Roinn B - Scéal agus le Roinn C - Litir, bhí dhá chuid sna teidil go minic agus cailleadh marcanna ar ábhar go minic toisc nach ndeachaigh na hiarrthóirí i ngleic leis na leideanna go léir sna ráitis. Uaireanta níor úsáideadh leagan amach cuí an tseánra san iarracht, mar shampla, i gcás na litreach nó i gcás an chomhrá agus cailleadh marcanna ar an stíl dá bharr sin. Bhí líon fíorbheag iarrthóirí ann nár thuill aon mharc ar iarrachtaí ceapadóireachta mar nach bhfuarthas aon nasc idir na spreagthaigh a tugadh agus an méid a scríobhadh.

4.3 Scríobh na Teanga, Bonnleibhéal

De réir shiollabas an Bhonnleibhéil, is é an cuspóir atá leagtha amach ó thaobh na scríbhneoireachta de ná go mbeidh ar chumas scoláirí tascanna gearra scríbhneoireachta a chur i gcrích. Tugadh dhá cheist scríbhneoireachta agus roghanna inmheánacha iontu ar an scrúdpháipéar.

Ceist 4: Bhí rogha idir (a) Fógra agus (b) Freagra a scríobh ar chuireadh. Ba é rogha (a) Fógra rogha na coitiantachta. D'éirigh le líon ard iarrthóirí an fógra a láimhseáil go sásúil, go háirithe iad siúd a raibh cleachtadh maith déanta acu ar fhógraí a scríobh sna seomraí ranga. Bhí siad láninniúil ar na ceisteanna treorach a leanúint agus sholáthair siad an t-eolas i bhfoirm fógra. Bhí go leor lagiarrachtaí ann nár thuill mórán marcanna toisc nach raibh an foclóir cuí iontu leis na ceisteanna a fhreagairt go sásúil. Lean go leor iarrthóirí na ceisteanna éagsúla bainteach leis na spreagthaigh sna pictiúir éagsúla ach, in iarrachtaí eile, bhreac na hiarrthóirí síos na heochairfhocail ó na pictiúir éagsúla gan aon cheangal comhthéacsúil a dhéanamh ná aon chumarsáid a léiriú sna hiarrachtaí. Tugadh faoi deara gur mhinic nár léadh na ceisteanna go léir agus fágadh mír in easnamh gan tagairt amháin ar a laghad i bpictiúr a dó, áit a raibh ceithre cheist. Bhí míchúram go sonrach in go leor iarrachtaí ó thaobh cumas teanga de.

Maidir le Cuid (b), freagra a scríobh ar chuireadh, ghnóthaigh líon áirithe iarrthóirí marc sásúil anseo nuair a léirigh siad leagan amach cruinn an taisc agus nuair a d'fhreagair siad na ceisteanna go léir bainteach leis na léaráidí céim ar chéim. Chuaigh siad i ngleic go críochnúil leis na spreagthaigh a bhain le cúrsaí ama agus taistil. In iarrachtaí eile, ní raibh an leagan amach cuí ar an iarracht, bhí ainmeacha difriúla ann sa bheannú agus sa chríoch agus ní raibh iarracht déanta na ceisteanna ar fad a fhreagairt. Bhí cruinneas agus caighdeán Gaeilge réasúnta lochtach anseo i riar maith de na freagraí.

Ceist 5: Sa dara tasc scríbhneoireachta, bhí rogha ann idir cuntas leanúnach bunaithe ar phictiúr amháin nó cuntas bunaithe ar cheithre léaráid, mar aon le stór focal treorach. Roghnaíodh cuid (a) níos minice ná cuid (b). Bhí caighdeán níos airde sa fhreagairt i gcuid (a).

Bhí an cumas foclóra sa Chuntas leanúnach bunaithe ar phictiúr - Glantachán Earraigh sa Chlub Óige mar a bhí sa chuid seo. Bhí roinnt de na hiarrachtaí an-mhaith ó thaobh na cumarsáide de. Bhí dóthain tagairtí oiriúnacha comhthéacsúla i bhfianaise na bpictiúr in úsáid ag go leor iarrthóirí. Bhí cuid mhór iarrthóirí nár éirigh leo cur síos sásúil a dhéanamh ar an nglantachán. Easpa foclóra agus gan na briathra cuí acu, i dtaca le struchtúr lochtach a loit an chumarsáid go minic. Bhí meascán d'aimsirí mí-oiriúnacha na mbriathra le feiceáil go minic agus Béarla in úsáid anois is arís. Iarrthóirí nár éirigh chomh maith sin leo, níor éirigh leo cúig thagairt a aimsiú ná a fhorbairt ná 90 focal a scríobh. Sraith de cheithre phictiúr bunaithe ar stór focal treorach a bhí i gCuid (b). Chuaigh líon maith iarrthóirí i ngleic leis na himeachtaí a léiríodh sa tsraith pictiúr. Bhí scéalta oiriúnacha agus dóthain tagairtí do na pictiúir éagsúla cumtha ag líon maith iarrthóirí agus bhí caighdeán na cumarsáide ar chaighdeán sásúil sna tascanna sin. Chruthaigh Pictiúr 2 deacracht do roinnt iarrthóirí. Bhí fadhb acu leis na noda a láimhseáil i gceart agus níor úsáideadh iad mar a theastódh, le briathar in abairt bheag shimplí. Bhí rian den chóipeáil ó na focail tacaíochta le sonrú agus níor úsáideadh iad i gcomhthéacs ceart. Bhí sé an-deacair mórán céille a bhaint as na hiarrachtaí ba laige – uaireanta ní raibh fiú abairt amháin slán iontu.

5. An Léamhthuiscint

5.1 An Léamhthuiscint, Ardleibhéal

Dhá shliocht léamhthuisceana a bhí ar an bpáipéar Ardleibhéil. Bhain an chéad phíosa le TG4 - Fiche Bliain ag Fás agus bhain Léamhthuiscint B leis an gCogadh sa tSiria agus Géarchéim na nDídeanaithe. Sé cheist a bhí le freagairt ar gach ceann de na giotaí léamhthuisceana. Bhí 7 marc an ceann ar na ceisteanna 1-5 i ngach píosa léamhthuisceana. Glacadh le freagraí i bhfocail an iarrthóra nó freagraí tógtha díreach ón ngiota de réir na treorach ar an scrúdpháipéar. Bhí an ghnóthachtáil sa dá shliocht léamhthuisceana i gcás na bhfreagraí ar cheisteanna 1-5 ar chaighdeán sármhaith. Ba é an cur chuige ba choitianta ag iarrthóirí i gcás na bhfreagraí seo ná an t-eolas cuí a bhreacadh síos díreach ón sliocht gan aon ionramháil. Tuilleadh marcanna arda go hiondúil, go minic lánmharcanna i gcás na bhfreagraí ar cheisteanna 1 go 5 sa dá léamhthuiscint. I gcás Léamhthuiscint A, chruthaigh an dá cheist, 3(b)(ii) agus 5(b)(ii) deacrachtaí do líon áirithe iarrthóirí agus níor aimsigh siad an t-eolas iomlán ceart a bhí de dhíth chun iad a fhreagairt. I gcás Léamhthuiscint B, níor aithin iarrthóirí áirithe an t-eolas ábhartha sna freagraí a tugadh ar Cheist 2(b)(ii).
Focheist ar cheart na teanga bunaithe ar an téacs a bhí i gceist 6(a) sa dá phíosa léamhthuisceana. D'éirigh le riar maith iarrthóirí na samplaí cruinne de na briathra éagsúla a lorgaíodh a aithint: briathar saor san Aimsir Láithreach agus sampla de bhriathar san Aimsir Láithreach in Léamhthuiscint A, agus briathar sa Mhodh Coinníollach in Léamhthuiscint B. Bhí dúshlán níos mó roimh líon maith iarrthóirí agus iad ag iarraidh teacht ar an sampla cuí d'ainmfhocal firinscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5 sa dara léamhthuiscint. I gcás Cheist 6(b), lorg na ceisteanna tuiscint dhomhain an iarrthóra ar an ngiota. Iarradh orthu na freagraí a scríobh ina bhfocail féin agus úsáid á baint as samplaí cruinne ón téacs mar thaca lena léirmheas ar ábhar nó ar stíl an ghiota. I gcás LTA, d'aimsigh líon maith iarrthóirí dhá chúis inghlachta ar scríobh an t-údar an sliocht. Pléadh na cúiseanna sin ina bhfocail féin le tagairti téagartha don bhuntéacs agus ghnóthaigh siad marcanna arda. Bhí claonadh ag iarrthóirí áirithe dul taobh amuigh den sliocht seachas tagairt chruinn a dhéanamh d'ábhar

an tsleachta ina bhfoclaíocht féin chun tacaíocht a thabhairt don dá chúis sin. Bhí líon iarrthóirí ann a thóg na freagraí díreach ón sliocht gan a rian féin a chur ar na focail ón sliocht. Maidir le ceist 6(b) sa dara léamhthuiscint, léirigh roinnt mhaith iarrthóirí caighdeán maith tuisceana ar an mbuntéacs agus rinne siad ionramháil ar an teanga ann chun an tionchar a bhí ag an sliocht orthu a mhíniú go cuimsitheach. D'úsáid roinnt mhaith iarrthóirí teanga na ngiotaí ina bhfreagraí ar an dá cheist in 6(b) agus níor tugadh suntas don treoir ar an scrúdpháipéar gur chóir na freagraí a scríobh ina bhfocail féin agus gan ach eolas as an sliocht a úsáid. D'fhág roinnt iarrthóirí an dá cheist in 6(b) gan iad a fhreagairt in aon chor.

5.2 An Léamhthuiscint, Gnáthleibhéal

Dhá ghiota léamhthuisceana a bhí ar pháipéar an ghnáthleibhéil. Bhain Léamhthuiscint A le *Slí an Atlantaigh Fhiáin – Turas a fhanfaidh i do chuimhne* agus ba é an grúpa ceoil *Kíla – Tríocha Bliain ar an mBóthar* a bhí mar ábhar don dara sliocht léamhthuisceana. Bhí an ghnóthachtáil ar na ceisteanna léamhthuisceana i gcoitinne an-ard agus an-sásúil. D'éirigh le céatadán an-ard iarrthóirí dul i ngleic go maith leis na ceisteanna éagsúla agus d'aimsigh siad na freagraí foirfe cruinne sna hailt éagsúla. I gcás Léamhthuiscint A, bhí na freagraí ar cheisteanna 1(a), 1(b), 3(a), agus 3(b) foirfe go hiondúil ach ba léir ó na marcanna a gnóthaíodh ar cheisteanna 2(a), 2(b), 4(a), 4(b), 5(a) agus 5(b) go raibh siad beagáinín níos dúshlánaí do roinnt iarrthóirí. Bhí gnóthachtáil na n-iarrthóirí níos airde i Léamhthuiscint B ná i Léamhthuiscint A go minic. I gcás Léamhthuiscint B, ba iad na freagraí ar cheisteanna 1(a), 1(b), 2(b), 3(b) agus 5(b) a bhí slán go hiondúil. Cailleadh marcanna sna freagraí ar 2(a), 3(a), agus 4(b) go minic. Bhí rian na hiomarcaíochta ar go leor freagraí nuair a scríobh iarrthóirí áirithe abairtí nó cuid d'abairtí breise ón alt nár bhain leis an gceist agus cailleadh marcanna go minic i gcás na n-abairtí breise sin.

5.3 An Léamhthuiscint, Bonnleibhéal

Bhí an ghnóthachtáil sna ceisteanna léamhthuisceana Ceist 1, Ceist 2 agus Ceist 3 fíorshásúil.

Ceist 1: Meaitseáil (40 marc)
Iarradh ar na hiarrthóirí deich bpictiúr a mheaitseáil le fógraí/comharthaí.
Sa tábla seo a leanas, tá achoimre ar dháileadh na marcanna sa cheist seo bunaithe ar 160 script sa Sampla randamach:

Marc	**40**	**36**	**32**	**28**	**24**	**<20**
%	58%	0.6%	24%	8.8%	7.5%	1.1%

Ceist 2 (50 marc)
Iarradh ar na hiarrthóirí dhá mhír as trí cinn a fhreagairt anseo. Thug formhór na n-iarrthóirí faoi na trí rogha inmheánacha. Cúig cheist ilroghnacha a bhí le freagairt ar gach mír léamhthuisceana anseo.
Maidir le Cuid (a) an Litir, bhí an fhreagairt an-mhaith ar na míreanna éagsúla anseo. Ghnóthaigh líon maith iarrthóirí marcanna arda i gCuid (b) an Bróisiúr, sa chuid seo chomh maith. Bhí laigí sa fhreagairt ar mhír 1 agus ar mhír 5 uaireanta. Freagraíodh mír 2 agus mír 3 go maith i gCuid (c) an Scéal Nuachta. Bhí mír 1, mír 4 agus mír 5 níos dúshlánaí d'iarrthóirí áirithe.

Ceist 3 (60 marc)
Iarradh ar na hiarrthóirí dhá mhír as trí cinn a fhreagairt anseo. Thug formhór na n-iarrthóirí faoi na trí rogha inmheánacha anseo. Cúig cheist ilroghnacha a bhí le freagairt ar gach mír léamhthuisceana anseo.
Freagraíodh na trí rogha go minic. Ba í mír (c) Na Véarsaí '*An tIonad Campála'* an mhír ab fhearr ó thaobh na freagartha de agus ba mhinic lánmharcanna bronnta sa chuid seo.
I gcás (a), an t-alt ar *Miriam*, rinneadh an rogha mhícheart i gceist 1 minic go leor. Bhí '*Cúrsaí Reatha'* roghnaithe go mícheart i gceist 3 ag go leor iarrthóirí. Freagraíodh ceisteanna 4 agus 5 go sármhaith. I gcás Chuid (b), an giota ar *Lá Fhéile Pádraig*, bhí an fhreagairt sa chuid seo sásúil. Ba í ceist 3 an cheist ba laige; bhí '*Baile Átha Cliath'* roghnaithe go mícheart ag líon ard iarrthóirí.

6. An Litríocht

Ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal, déanann na scoláirí saothrú ar chúrsa comónta litríochta idir phrós agus fhilíocht. Déanann tromlach mór na n-iarrthóirí an cúrsa ainmnithe próis agus filíochta. Chomh maith leis sin, déanann iarrthóirí Ardleibhéil an cúrsa de litríocht bhreise a chuimsíonn cúig théacs próis agus cúig dhán, le rogha eatarthu.

6.1 An Prós Ainmnithe nó Roghnach, Ardleibhéal

Ceist ar an gcarachtar, Lisín, sa ghiota as an úrscéal *Hurlamaboc* a bhí sa cheist ar an bPrós Ainmnithe ar an bpáipéar scrúdaithe. Bhí freagraí cuimsitheacha lán le pointí téagartha eolais agus tagairtí cruinne don charachtar Lisín scríofa ag céatadán maith iarrthóirí. Léirigh na hiarrthóirí sin tuiscint mhaith ar an mbuntéacs. Chuadar i ngleic leis an ráiteas bunaithe ar an téacs ina bhfreagraí. Cur síos agus achoimre lom níos mó ná plé a bhí i bhfreagraí eile nach ndeachaigh i ngleic leis an ráiteas ar an scrúdpháipéar nó nár léirigh mórán doimhneachta ó thaobh an charachtair Lisín de. Bhí líon áirithe iarrthóirí ann nár thug faoin bprós ainmnithe in aon chor.
Maidir leis an bPrós Roghnach de, bhí an fhreagairt sásúil go leor ach, arís, bhí claonadh i bhfreagraí áirithe achoimre a thabhairt ar an téacs seachas plé a dhéanamh ar an bpáirt a bhí ag an bpríomhcharachtar sa téacs. Roghnaigh corrdhuine an Prós Roghnach ach úsáideadh téacs ón gcúrsa ainmnithe, rud nach bhfuil ceadaithe de réir na treorach ar an scrúdpháipéar.
Bhí caighdeán sásúil teanga soiléir i bhfreagraí líon maith iarrthóirí ar na ceisteanna próis ach bhí míchruinneas gramadaí agus litrithe forleathan i bhfreagraí eile.

6.2 Prós Ainmnithe nó Roghnach, Gnáthleibhéal

Dhá cheist a bhí le freagairt ag na hiarrthóirí sa chuid seo den scrúdú. I gcás an Phróis ainmnithe, (a) rogha inmheánach idir an scannán *Cáca Milis* agus an dráma *An Lasair Choille* a bhí ann agus bhain (b) le giota as an úrscéal *Hurlamaboc*. Freagraíodh an rogha ar an scannán *Cáca Milis* i bhfad níos minice ná na ceisteanna ar an dráma *An Lasair Choille*.
Bhí an-éagsúlacht i gcaighdeán na freagartha sna mioncheisteanna éagsúla ar an scannán, *Cáca Milis*. D'éirigh le hiarrthóirí a raibh dianstaidéar déanta acu ar an scannán marcanna maithe a ghnóthú, go háirithe, sna ceisteanna (iii), (iv) agus (v). Bhí na freagraí ar cheisteanna (i) agus (ii) níos laige nó easnamhach nó fiú bán uaireanta. Achoimre a scríobh

roinnt iarrthóirí ar imeachtaí an scannáin agus níor freagraíodh na mioncheisteanna mar chuid den achoimre. Bhí deacracht ag iarrthóirí áirithe le heochairfhocail áirithe sna mioncheisteanna, mar shampla, *imní, cúis, sula, bréag,* agus *trua*.
Níor roghnaigh mórán iarrthóirí na mioncheisteanna ar an dráma *An Lasair Choille*. Arís, bhí an-éagsúlacht ar chaighdeán na freagartha anseo; iarrthóirí a léirigh an-tuiscint ar an dráma lena bhfreagraí cruinne agus a ghnóthaigh marcanna arda ach ar an lámh eile, thángthas ar fhreagraí loma agus eolas míchruinn iontu.
Bhí caighdeán na bhfreagraí ar an gceist ar an ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc* sásúil. Ghnóthaigh iarrthóirí a raibh eolas cuimsitheach acu ar na himeachtaí sa ghiota marcanna sásúla. Bhí go leor iarrthóirí ábalta pointí ábhartha eolais a scríobh síos ina bhfreagraí ag tagairt don ráiteas ón scéal ar an scrúdpháipéar. Níor fhreagair líon beag iarrthóirí iomlán na gcomhpháirteanna den phrós agus níor thug iarrthóirí eile faoi na ceisteanna próis in aon chor. Níor roghnaigh ach céatadán fíorbheag iarrthóirí na ceisteanna ar an bPrós Roghnach. Thángthas ar roinnt freagraí agus ábhar ón gcúrsa ainmnithe in úsáid sna freagraí. Níor chloígh na hiarrthóirí sin leis an treoir ar an scrúdpháipéar agus mar sin, ní raibh na freagraí sin inghlactha.

6.3 An Fhilíocht Ainmnithe nó Roghnach, Ardleibhéal

Freagraíodh na ceisteanna ar an bhFilíocht Ainmnithe, an dán *Géibheann*, go maith. Ghnóthaigh líon maith iarrthóirí marcanna arda nuair a bhí cuntas breá mar aon le tagairtí cruinne do théacs an dáin ina gcuid freagraí. Ní raibh i bhfreagraí eile ach sraith de lomphointí gan sonraí cruinne ón dán leo. Bhí deacracht ag roinnt iarrthóirí leis an dara mír (ii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort? Níor éirigh le hiarrthóirí áirithe tuairim phearsanta a léiriú agus eolas cruinn ón dán a aimsiú mar thacú leis an tuairim. I gcás mír (iii), ghnóthaigh céatadán ard iarrthóirí a raibh staidéar déanta acu ar shaol agus ar shaothar an fhile lánmharcanna nó marcanna arda sa mhír seo. Bhí na firicí lochtach go háirithe maidir le saothar an fhile i bhfreagraí eile. D'fhreagair líon fíorbheag iarrthóirí 3B. Filíocht Roghnach agus bhí na freagraí sásúil. Bhí caighdeán sásúil teanga soiléir i bhfreagraí líon maith iarrthóirí ar na ceisteanna filíochta ach bhí easpa cruinnis ó thaobh na gramadaí de agus míchruinneas litrithe forleathan i bhfreagraí eile.

6.4 An Fhilíocht Ainmnithe nó Roghnach, Gnáthleibhéal

Ghnóthaigh iarrthóirí a raibh staidéar maith déanta acu ar théacsanna na ndánta sna seomraí ranga marcanna réasúnta maith i gCeist 3 A, Filíocht Ainmnithe. Rinne líon maith iarrthóirí neamhaird den treoir ar an scrúdpháipéar 'i d'fhocail féin' agus cailleadh marcanna minic go leor toisc úsáid a bhaint as línte ón dán nuair ba ghá an freagra a scríobh ina bhfocail féin. Maidir leis an bhfreagairt ar (a) *Colscaradh*, d'éirigh go maith le hiarrthóirí i gcuid (i) agus cuid (ii) den cheist seo. Léiríodh sna freagraí go raibh na hiarrthóirí a bhí eolach ar théacs an dáin lánábalta dul i ngleic go maith leis na ceisteanna éagsúla. Bhí go leor samplaí ann d'fhreagraí nár scríobh iarrthoirí an t-eolas iontu ina bhfocail féin agus a chaill marcanna dá bharr. Uaireanta, meascadh suas mianta an fhir, cuid (i) agus mianta na mná, cuid (ii). Bhí an focal '*réiteach*' dúshlánach do roinnt iarrthóirí. Léiríodh easpa tuisceana ar an bhfocal i bhfreagraí áirithe nó níor freagraíodh mír (iii) in aon chor.

Bhí an ghnóthachtáil níos fearr sa cheist ar an dán, *An tEarrach Thiar*, ná i gceist (a) go hiondúil. Baineadh lánmharc amach i gcuid (i), (a), (b) agus (c) go han-mhinic. Bhí rian an iarrthóra ar iarraidh sna freagraí ar chuid (ii) go minic, agus cailleadh marcanna dá bharr sin. Ba í an fhreagairt ar chuid (iii) an ceann ba laige. Bhí an fhreagairt easnamhach go minic toisc nár luadh ach mothúchán amháin cé go raibh dhá cheann á lorg sa cheist.
Thug mionlach fíorbheag iarrthóirí faoin rogha, Ceist 3 B, Filíocht Roghnach. Ba iad na dánta roghnacha seo a leanas a úsáideadh sna freagraí: *Jack*, *Chlaon mé mo Cheann* agus *Mac Eile ag Imeacht*. Bhí caighdeán sásúil sna freagraí.
Bhí roinnt iarrthóirí nach ndearna ach ceist amháin den dá cheann agus iarrthóirí eile nár thug faoi na ceisteanna filíochta in aon chor.

6.5 An Litríocht Bhreise, Ardleibhéal

Déanann iarrthóirí Ardleibhéil an cúrsa de litríocht bhreise a chuimsíonn cúig théacs próis agus cúig dhán, le rogha eatarthu. Ba é an dráma, 4A. *An Triail*, an saothar ba mhó a roghnaigh na hiarrthóirí i gcás na Litríochta Breise. Bhí an fhreagairt anseo sásúil. Scríobh iarrthóirí a raibh mionstaidéar déanta acu ar na buntéacsanna freagraí breátha le heolas maith ar Phádraig Mac Cárthaigh sa dráma, agus plé téagartha déanta ar an ráiteas ón scrúdpháipéar. Bhí lominsint coitianta go leor i bhfreagraí agus gan aon phlé fiúntach déanta sna freagraí mar a iarradh sa cheist scrúdaithe. Luaigh roinnt iarrthóirí lomphointí ón mbuntéacs gan aon téagar ná aon fhianaise ón mbuntéacs chun an plé a fhorbairt. Ba é an sliocht as an dírbheathaisnéis 4B. *A Thig Ná Tit Orm* an dara téacs ba mhó éileamh. Bhí freagraí maithe ar dhá thréith de chuid Mhaidhc tugtha i líon maith freagraí agus samplaí cruinne de na tréithe sin luaite sna freagraí. Ach bhí easpa doimhneachta le sonrú maidir le samplaí cruinne de na tréithe i bhfreagraí eile. Bhí deacrachtaí ag iarrthóirí áirithe leis an téarma *tréith*. Thángthas ar líon fíorbheag scripteanna ina raibh na roghanna 4C. *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne,* 4D. *Gafa* agus 4E. *Canary Wharf* déanta agus freagraíodh iad sásúil go leor. I gcás 4F. Dánta Breise - *Éiceolaí* d'éirigh le riar maith iarrthóirí príomhthéama cuí a aimsiú. Ach bhí an cur síos ar an gcodarsnacht réasúnta maith i scripteanna áirithe ach amháin nach raibh dóthain samplaí téagartha sna freagraí don cheist a cuireadh. I gcás (ii) bhí an fhreagairt go maith. Uaireanta, luadh mothúchán ach bhí easpa téagair sa phlé agus ní dhearnadh tagairt chuí don dán. Bhí na freagraí ar mhíniú na línte déanta go sásúil ag go leor iarrthóirí ach i bhfreagraí eile, bhí an míniú míchruinn nó róghinearálta.
Bhí caighdeán sásúil teanga soiléir i bhfreagraí líon maith iarrthóirí ach bhí easpa cruinnis ó thaobh na gramadaí de agus míchruinneas litrithe forleathan i bhfreagraí eile.

7. Cad is féidir le scoláirí agus a múinteoirí foghlaim ón tuairisc seo?

7.1 Le linn phróiseas na foghlama

7.1.1 Moltaí do mhúinteoirí

- Moltar do mhúinteoirí an Ghaeilge a bheith mar mheán teagaisc agus mar mheán cumarsáide sa seomra ranga.
- Moltar do mhúinteoirí réimse gníomhaíochtaí cumarsáide bunaithe ar thopaicí na siollabas a chur ar siúl sa seomra ranga chun go mbeidh na scoláirí páirteach go

gníomhach i bpróiseas na foghlama agus chun go spreagfar iad leis an teanga a úsáid go cumarsáideach agus go muiníneach sa rang.

- Moltar do mhúinteoirí béim a chur ar leagan amach agus riachtanais na mBéaltrialacha agus na scrúdpháipéar ag na leibhéil éagsúla.
- Moltar do mhúinteoirí cleachtadh cuí a dhéanamh go rialta ar na codanna éagsúla den scrúdú agus deiseanna a thabhairt do scoláirí scileanna labhartha, éisteachta, léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt ar bhealach comhtháite.
- Moltar do mhúinteoirí gan an bhéim a leagan ar an iomad den fhoghlaim de ghlanmheabhair.
- Moltar do mhúinteoirí cleachtadh rialta a dhéanamh ar bhunrialacha gramadaí, ar struchtúir na teanga agus ar litriú ceart chun cruinneas a chothú sa chumarsáid, sa labhairt agus sa scríbhneoireacht. Taithí a dhéanann máistreacht agus tagann an cruinneas gramadaí agus litrithe le taithí agus le síorchleachtadh.
- Moltar do mhúinteoirí trialacha cluastuisceana a dhéanamh go rialta sa seomra ranga ag díriú ar sheanpháipéir scrúdaithe agus ag leagan béime ar na mórchanúintí, ar fhoirmeacha ceisteacha, ar an éileamh sna ceisteanna agus ar chúrsaí gramadaí agus litrithe.
- Moltar do mhúinteoirí cleachtadh rialta a dhéanamh le scoláirí Ardleibhéil ar cheisteanna 6 (b) a fhreagairt sna píosaí léamhthuisceana.
- Moltar do mhúinteoirí ábhair ó na meáin Ghaeilge a úsáid mar fhoinsí sna seomraí ranga chun cleachtaí léitheoireachta agus éisteachta a bhunú orthu leis an méid foclóra a d'fhéadfadh an scoláire teacht air a leathnú oiread agus is féidir.
- Moltar do mhúinteoirí na buntéacsanna litríochta mar atá siad leagtha síos i siollabais Ghaeilge na hArdteistiméireachta a úsáid sna seomraí ranga, agus plé agus ullmhúchán do cheisteanna scrúdaithe a bhunú ar na buntéacsanna sin. Is fiú an-bhéim a chur sa rang ar théarmaí éagsúla litríochta, ina measc, téamaí, mothúcháin, stíl, íomhánna, fáthanna ar thaitin dán leat, 7rl.

7.1.2 Moltaí do scoláirí

- Moltar do scoláirí an Ghaeilge a labhairt chomh minic agus is féidir sa seomra ranga agus taobh amuigh den seomra ranga.
- Moltar do scoláirí leabhair ghramadaí agus foclóirí a úsáid mar áiseanna tagartha chun cruinneas agus beachtas na teanga a bhuanú.
- Moltar do scoláirí éisteacht leis an nGaeilge go rialta ar na meáin chraolta agus ailt Ghaeilge a léamh go minic ar shuíomhanna idirlín, ar irisí agus ar nuachtáin.
- Moltar do scoláirí deimhin a dhéanamh de go dtuigeann siad an bhrí cheart a bhaineann le téarmaí litríochta, leithéidí téama, mothúchá(i)n, íomhá(nna), meadaracht, agus téarmaí eile mar sin a úsaidtear sna ceisteanna litríochta go minic. Moltar do scoláirí taithí a fháil ar línte as na dánta a scríobh ina bhfocail féin.

- Ag an mBonnleibhéal, is fiú do scoláirí cleachtadh rialta a dhéanamh ar na tascanna scríbhneoireachta atá rianaithe sa siollabas sa roinn Scríobh na Teanga - fógra a chumadh, cuireadh a fhreagairt, foirm iarratais a líonadh, litir a scríobh nó cuntas leanúnach bunaithe ar phictiúir nó ar stór focal treorach.

- Tá sé tábhachtach go bhféachtar ar na seanpháipéir scrúdaithe agus ar na téipscripteanna atá le fáil ar shuíomh Choimisiún na Scrúduithe Stáit ag www.examinations.ie.

7.2 Le linn na scrúduithe

- Moltar do na hiarrthóirí a bheith cinnte de go dtuigeann siad leagan amach na Béaltrialach comónta (An Fáiltiú, Léamh na Filíochta, An tSraith Pictiúr agus an Comhrá) nó Bhéaltriail an Bhonnleibhéil (na ceithre bhloc).
- Tá sé tábhachtach go labhraíonn agus go scríobhann na hiarrthóirí an Ghaeilge go cruinn agus go beacht.
- Moltar d'iarrthóirí foclaíocht na gceisteanna a léamh go cúramach agus díriú i gcónaí ar an eolas a éilítear, agus a chinntiú go mbaineann an t-eolas a thugann siad go dlúth le hábhar na ceiste.
- Sa Triail Chluastuisceana, tá sé fíorthábhachtach go n-úsáideann na hiarrthóirí an t-am ullmhúcháin roimh chasadh na míreanna éagsúla chun díriú isteach ar na foirmeacha ceisteacha sna ceisteanna éagsúla. Tá sé tábhachtach gan aon cheist a fhágáil bán sa Triail Chluastuisceana.
- Tá sé fíorthábhachtach do na hiarrthóiri suntas a thabhairt do na treoirlínte breise maidir le fad na bpíosaí, líon áirithe focal ag teastáil, méid áirithe pointí eolais nó freagraí a scríobh i bhfocail an tsleachta nó ina bhfocail féin agus iad ag tabhairt faoi cheisteanna éagsúla ar na scrúdpháipéir ag na leibhéil éagsúla. Caillltear marcanna má bhítear faillíoch i ngnéithe de na treoirlínte seo atá ar fáil ar na páipéir scrúdaithe.
- Moltar do na hiarrthóirí a bheith an-chúramach i dtaobh na hiomarcaíochta sna freagraí léamhthuisceana ag na leibhéil éagsúla.
- Maidir leis na tascanna scríbhneoireachta ag gach leibhéal, ní mór do na hiarrthóirí a bheith cinnte de go sásóidh ábhair réamhullmhaithe nó ábhair curtha de ghlanmheabhair éilimh na ceiste go soiléir.
- Tá sé riachtanach sna ceisteanna litríochta ag an Ardleibhéal díriú isteach ar fhoclaíocht na ráiteas éagsúil ar an scrúdpháipéar agus na ráitis sin a phlé sna freagraí.
- Ag an nGnáthleibhéal, nuair is mioncheisteanna a bhíonn ar an scrúdpháipéar sa Phrós nó san Fhilíocht, moltar do na hiarrthóirí a bheith cinnte de go gcuireann siad an uimhir chuí (i) – (v) roimh gach freagra.
- Má tá staidéar déanta ag na hiarrthóirí ar an gcúrsa roghnach próis nó/agus filíochta, ní mór dóibh deimhin a dhéanamh de go roghnaíonn siad an seánra cuí litríochta ag freagairt don seánra sa cheist ar an scrúdphaipéar, *Sliocht as úrscéal*, *Scéal béaloidis*, *Dán nua-aimseartha nó dán seanaimseartha*.
- Moltar do na hiarrthóirí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil na freagraí litríochta a scríobh i nGaeilge chruinn. Bronntar marcanna ar chaighdeán na Gaeilge i gcás na bhfreagraí

litríochta ar Pháipéar II, Ardleibhéal agus gearrtar pionós ar Ghaeilge lochtach i gcás an Ghnáthleibhéil.

- Ag an mBonnleibhéal, ná cuir tic ach i mbosca amháin i gcás na bhfreagraí ilroghnacha sa triail chluastuisceana agus sna ceisteanna léamhthuisceana.

8. Aguisín: staitisticí agus treochtaí

Treochtaí rannpháirtíochta

Bliain	Gaeilge Líon na n-iarrthóirí	Líon iomlán na n-iarrthóirí Ardteistiméireachta*	Gaeilge mar % den mhóriomlán
2013	43651	52772	82.7
2014	45268	54025	83.8
2015	46565	55044	84.6
2016	47212	55707	84.8
2017	47833	55770	85.8

*Líon iomlán na n-iarrthóirí Ardteistiméireachta gan iarrthóirí na hArdteistiméireachta Feidhmí san áireamh.

Tábla 1: Rannpháirtíocht i nGaeilge na hArdteistiméireachta, 2013 go 2017

Bliain	Líon iomlán na n-iarrthóirí sa Ghaeilge	Líon na n-iarrthóirí ag Bonnleibhéal	Líon na n-iarrthóirí ag Gnáthleibhéal	Líon na n-iarrthóirí ag Ardleibhéal
2013	43 651	3 916	23 066	16 669
2014	45 268	3 803	23 331	18 134
2015	46 565	3 543	23 562	19 460
2016	47 212	3 521	23 593	20 098
2017	47 833	3 190	22 521	22 122

Tábla 2: Líon na n-iarrthóirí ag na leibhéil éagsúla, 2013 go 2017

Bliain	Líon iomlán na n-iarrthóirí sa Ghaeilge	Céatadán na n-iarrthóirí ag Bonnleibhéil	Céatadán na n-iarrthóirí ag Gnáthleibhéal	Céatadán na n-iarrthóirí ag Ardleibhéal
2013	43 651	9	52.8	38.2
2014	45 268	8.4	51.5	40.1
2015	46 565	7.6	50.6	41.8
2016	47 212	7.5	49.9	42.6
2017	47 833	6.7	47.1	46.2

Tábla 3: Briseadh síos céatadánach ar líon na n-iarrthóirí ag na leibhéil éagsúla, 2013 go 2017

Bliain	Líon iomlán na n-iarrthóirí ag Ardleibhéal	Cailíní	Buachaillí	Cailíní mar % den mhóriomlán	Buachaillí mar % den mhóriomlán
2013	16 669	10 561	6 108	63.4	36.6
2014	18 134	11 408	6 726	62.9	37.1
2015	19 460	12311	7149	63.3	36.7
2016	20 098	12 607	7 491	62.7	37.3
2017	22 122	13 603	8 519	61.5	38.5

Tábla 4: Comhdhéanamh inscne de chohórt na n-iarrthóirí a rinne Gaeilge, Ardleibhéal, 2013 go 2017

Bliain	Líon iomlán na n-iarrthóirí ag Gnáthleibhéal	Cailíní	Buachaillí	Cailíní mar % den mhóriomlán	Buachaillí mar % den mhóriomlán
2013	23 066	10 382	12 684	45	55
2014	23 331	10 403	12 928	44.6	55.4
2015	23 562	10621	12941	45.1	54.9
2016	23 593	10 463	13 130	44.3	55.7
2017	22 521	9 844	12 677	43.7	56.3

Tábla 5: Comhdhéanamh inscne de chohórt na n-iarrthóirí a rinne Gaeilge, Gnáthleibhéal, 2013 go 2017

Bliain	Líon iomlán na n-iarrthóirí ag Bonnleibhéal	Cailíní	Buachaillí	Cailíní mar % den mhóriomlán	Buachaillí mar % den mhóriomlán
2013	3 916	1 422	2 494	36.3	63.7
2014	3 803	1 297	2 506	34.1	65.9
2015	3 543	1 198	2 345	33.8	66.2
2016	3 521	1 160	2 361	32.9	67.1
2017	3 190	1 038	2 152	32.5	67.5

Tábla 6: Comhdhéanamh inscne de chohórt na n-iarrthóirí a rinne Gaeilge, Bonnleibhéal, 2013 go 2017

Gnóthachtáil ghinearálta na n-iarrthóirí

Athraíodh an scála grádaithe do scrúduithe na hArdteistiméireachta sa bhliain 2017. Ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh leis na gnéithe go léir de raon na ngrád ó bhlianta eile. Ar aon nós, cuirtear sonraí ó na blianta 2016 agus 2015 i láthair ar an tslí is inchomparáide agus is féidir. Seasann leithid na gcolún sna táblaí 7 go dtí 15 do raon na ngrád inchomparáide sa tslí go bhfuil na teorainneacha idir na colúin seo ar aon dul leis na gráid chomparáide áirithe sin. Mar shampla, ailíníonn an leagan amach gur ionann grád 6 in 2017 agus grád D2 agus grád D3 le chéile in 2016 agus

in 2015, ach ní féidir comparáid dhíreach a tharraingt idir grád 7 in 2017 agus aon raon grád faoi leith in 2016 nó in 2015.

Bliain	Iomlán	1	2	3	4	5	6	7	8
2017	22122	5.2	18.4	24.1	23.5	18.2	8.4	1.9	0.3

		A1	A2 + B1	B2 + B3	C1 + C2	C3 + D1	D2 + D3	E	F	NG
2016	20097	5.4	19.6	26.2	24.2	17.6	6.3	0.5	0.1	0.0
2015	19460	6.5	20.7	26.3	25.6	15.3	5.1	0.4	0.1	0.0

Tábla 7: Céatadán na n-iarrthóirí a ghnóthaigh na gráid éagsúla i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, Ardleibhéal, 2017, maraon le sonraí comparáideacha ó 2016 agus 2015

Bliain	Iomlán	1	2	3	4	5	6	7	8
2017	13603	5.9	20.2	25	23.7	16.8	6.8	1.3	0.2

		A1	A2 + B1	B2 + B3	C1 + C2	C3 + D1	D2 + D3	E	F	NG
2016	12607	6.2	21.2	27	23.5	16.1	5.4	0.5	0.1	0
2015		7.1	22.4	27.2	24.6	13.8	4.4	0.3	0	0

Tábla 8: Céatadán na n-iarrthóirí baineanna a ghnóthaigh na gráid éagsúla i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, Ardleibhéal, 2017, maraon le sonraí comparáideacha ó 2016 agus 2015

Bliain	Iomlán	1	2	3	4	5	6	7	8
2017	8519	4.1	15.6	22.5	23.3	20.4	11	2.7	0.4

		A1	A2 + B1	B2 + B3	C1 + C2	C3 + D1	D2 + D3	E	F	NG
2016	7490	4.1	16.9	25.0	25.3	20.1	7.9	0.6	0.1	0
2015		5.3	17.6	24.8	27.4	18.0	6.3	0.6	0.1	0

Tábla 9: Céatadán na n-iarrthóirí fireanna a ghnóthaigh na gráid éagsúla ag i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, Ardleibhéal, 2017, maraon le sonraí comparáideacha ó 2016 agus 2015

Bliain	Iomlán	1	2	3	4	5	6	7	8
2017	22521	0.3	5.8	18.3	26.5	25.5	15.8	5.8	2.1

		A1	A2 + B1	B2 + B3	C1 + C2	C3 + D1	D2 + D3	E	F	NG
2016	23593	0.5	7.6	23.1	29.2	22.2	13.1	3.5	0.7	0.1
2015	23562	0.4	7.3	23.4	29.7	23.1	12.1	3.3	0.7	0.0

Tábla 10: Céatadán na n-iarrthóirí a ghnóthaigh na gráid éagsúla i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, Gnáthleibhéal, 2017, maraon le sonraí comparáideacha ó 2016 agus 2015

Bliain	Iomlán	1	2	3	4	5	6	7	8
2017	9844	0.6	9	24.3	28.4	22.1	11.2	3.3	1.2

		A1	A2 + B1	B2 + B3	C1 + C2	C3 + D1	D2 + D3	E	F	NG
2016		0.8	11.5	28.9	29.5	18.2	8.8	1.9	0.5	0
2015		0.7	10.5	29.1	30.5	19.2	8.2	1.7	0.3	0

Tábla 11: Céatadán na n-iarrthóirí baineanna a ghnóthaigh na gráid éagsúla i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, Gnáthleibhéal, 2017, maraon le sonraí comparáideacha ó 2016 agus 2015

Bliain	Iomlán	1	2	3	4	5	6	7	8
2017	12677	0.1	3.3	13.5	25.1	28.1	19.4	7.7	2.8

		A1	A2 + B1	B2 + B3	C1 + C2	C3 + D1	D2 + D3	E	F	NG
2016		0.2	4.5	18.4	29.0	25.5	16.5	4.9	0.9	0.1
2015		0.2	4.7	18.8	29.1	26.3	15.5	4.5	1/0	0.1

Tábla 12: Céatadán na n-iarrthóirí fireanna a ghnóthaigh na gráid éagsúla i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, Gnáthleibhéal, 2017, maraon le sonraí comparáideacha ó 2016 agus 2015

Bliain	Iomlán	1	2	3	4	5	6	7	8
2017	3190	1.3	8.7	19.1	24.7	22.5	14.1	6.6	3.1

		A1	A2 + B1	B2 + B3	C1 + C2	C3 + D1	D2 + D3	E	F	NG
2016	3521	2.0	10.7	20.5	25.6	22.3	12.6	5.0	1.2	0.1
2015	3543	2.5	12.1	20.7	26.5	21.7	10.6	4.7	1.0	0.1

Tábla 13: Céatadán na n-iarrthóirí a ghnóthaigh na gráid éagsúla i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, Bonnleibhéal, 2017, maraon le sonraí comparáideacha ó 2016 agus 2015

Bliain	Iomlán	1	2	3	4	5	6	7	8
2017	1038	3	14.5	24.2	22.6	17.2	11.2	5	2.3

		A1	A2 + B1	B2 + B3	C1 + C2	C3 + D1	D2 + D3	E	F	NG
2016	1161	4.3	17.2	25.3	25.3	17.0	7.4	2.9	0.6	0.1
2015	1198	4.7	17.5	23.0	26.2	18.5	6.6	2.8	0.8	0.1

Tábla 14: Céatadán na n-iarrthóirí baineanna a ghnóthaigh na gráid éagsúla i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, Bonnleibhéal, 2017, maraon le sonraí comparáideacha ó 2016 agus 2015

Bliain	Iomlán	1	2	3	4	5	6	7	8
2017	2152	0.6	5.9	16.7	25.7	25	15.5	7.3	3.4

		A1	A2 + B1	B2 + B3	C1 + C2	C3 + D1	D2 + D3	E	F	NG
2016	2360	0.8	7.6	18.1	25.8	24.8	15.2	6.0	1.5	0.2
2015	2345	1.4	9.3	19.7	26.8	23.4	12.6	5.7	1.1	0.2

Tábla 15: Céatadán na n-iarrthóirí fireanna a ghnóthaigh na gráid éagsúla i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, Bonnleibhéal, 2017, maraon le sonraí comparáideacha ó 2016 agus 2015

Páipéar	Ceist	Meánmharc as an marc iomlán don cheist (agus mar chéatadán)	Ord feabhais de réir an mheánmhairc
PI	An Chluastuiscint	33.7 (56.2%)	4
PI	An Cheapadóireacht	56.4 (56.4%)	3
PII	An Léamhthuiscint	76.1 (76.1%)	1
PII	Ceist 2, Prós Ainmnithe nó Prós Roghnach	16.5 (55%)	5
PII	Ceist 3, Filíocht Ainmnithe nó Filíocht Roghnach	19.7 (65.7%)	2
PII	Ceist 4, An Litríocht Bhreise	20.3 (50.8%)	6

Tábla 16: Meánmharc na gceisteanna éagsúla, Ardleibhéal, *Gaeilge,* bunaithe ar shampla randamach de 1740 script (7.9% den chohórt a rinne Gaeilge, Ardleibhéal).

Páipéar	Ceist	Meánmharc as an marc iomlán don cheist (agus mar chéatadán)	Ord feabhais de réir an mheánmhairc
PI	An Chluastuiscint	30.9 (51.5%)	3
PI	An Cheapadóireacht	60.7 (60.7%)	2
PII	An Léamhthuiscint	80.8 (80.8%)	1
PII	Ceist 2, Prós Ainmnithe nó Prós Roghnach	19.4 (38.8%)	5
PII	Ceist 3, Filíocht Ainmnithe nó Filíocht Roghnach	24.2 (48.4%)	4

Tábla 17: Meánmharc na gceisteanna éagsúla, Gnáthleibhéal, *Gaeilge,* bunaithe ar shampla randamach de 1680 script (7.5% den chohórt a rinne Gaeilge, Gnáthleibhéal).

Cluastuiscint	Ceist	Canúint	Meánmharc as an marc iomlán don cheist (agus mar chéatadán)	Ord feabhais de réir an mheánmhairc	Topaic
	1	Canúint na Mumhan	8.75 (62.5%)	3	Obair agus Saol na hOibre
	2	Canúint Chonnacht	9.01 (64.4%)	2	Caitheamh Aimsire, Obair agus Saol na hOibre
	3	Canúint Uladh	3.6 (45.0%)	6	Seirbhísí an Cheantair
	4	Canúint na Mumhan	2.4 (30.0%)	8	Seirbhísí an Cheantair
	5	Canúint Chonnacht	9.25 (57.8%)	4	Am agus Aimsir
	6	Canúint na Mumhan	15.25 (76.3%)	1	Áit chónaithe agus Cúrsaí Taistil
	7	Canúint Uladh	11.25 (56.3%)	5	Cúrsaí Sláinte agus Timpistí
	8	Canúint Chonnacht	7.44 (37.2%)	7	Scoil-Imeachtaí agus Rogha slí bheatha/ceirde

Tábla 18: Meánmharc na gceisteanna cluastuisceana, Bonnleibhéal *Gaeilge,* bunaithe ar shampla de 160 script (5% den chohórt a rinne Gaeilge, Bonnleibhéal).

		Marc iomlán	Meánmharc as an marc iomlán don cheist (agus mar chéatadán)	Ord feabhais de réir an mheánmhairc	Seánra
Cluastuiscint		120	66.9 (55.8%)	4	
Léamhthuiscint	Ceist 1	40	35.25 (88.1%)	1	Meaitseáil na bpictiúr leis na fógraí cuí
Léamhthuiscint	Ceist 2	50	40.9 (81.8%)	2	Litir-bróisiúr-scéal nuachta
Léamhthuiscint	Ceist 3	60	48.9 (81.5%)	3	Alt-giota-véarsaí
Scríbhneoireacht	Ceist 4 (a) nó (b)	40	18.4 (45.9%)	5	Fógra nó Freagra ar chuireadh
Scríbhneoireacht	Ceist 5 (a) nó (b)	50	13.6 (27.2%)	6	Cuntas nó cur síos ar eachtra

Tábla 19: Meánmharc na gceisteanna léamhthuisceana agus scríbhneoireachta, Bonnleibhéal *Gaeilge,* bunaithe ar shampla de 160 script (5% den chohórt a rinne Gaeilge, Bonnleibhéal).